



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge  
Waterford City & County Council



# Ráiteas Bliantúil Airgeadais Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020



**Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge  
bliain dár críoch 31 Nollaig 2020**

	<b>Leathanach</b>
Athbhreithniú Airgeadais	2
Deimhniú Príomhfheidhmeannach / Ceann Airgeadais	3
Tuairim Iniúchta	3(a)
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	4-7

**Cuntais Airgeadais**

Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais Ar Ioncam & Caiteachais)	8
Ráiteas Ar Sheasamh Airgeadais (Clár Comhardaithe)	9
Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí (Cistí Ráiteas Faoi Shreabhadh )	10
Nótaí faoi agus mar chuid de na Cuntais	11-21

**Aguisíní**

- 1 Anailís ar Chaiteachas
- 2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin
- 3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais
- 4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí
- 5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitiúil
- 6 Caiteachas Caipitil agus Ioncam de réir Rannáin
- 7 Ollbhailiúcháin Ioncaim
- 8 Ús i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil
- 9 Achoimre ar Cháin Mhaoine Áitiúil Leithdháilte





# Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

## Athbhreithniú Airgeadais

### Ráiteas Airgeadais Bhlíantúil don Bhliain Airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2020

Tugann an Ráiteas Bhlíantúil Airgeadais seo achoimre ar thorthaí airgeadais Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i gcomhair 2020.

Tá Ráiteas Bhlíantúil Airgeadais 2020 ullmhaithe de réir Chód Cleachtais agus Rialacháin Airgead de chuid Chuntasaíocht in Éirinn an Údarás Áitiúil. Tá na Nótaí Breise a bhaineann leis na Cuntas mar dhlúthchuid den Ráiteas Bhlíantúil Airgeadais agus cuirtear san áireamh anseo iad ionas go mbeidh tuiscint iomlán ag an léitheoir ar na cuntais.

Taispeánann na torthaí sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don mbliain, mar atá léirithe ar leath 8, farasbarr Ioncaim de €634,529 ar ár ngíomhaíochtaí don mbliain. Farasbarr atá ann tar éis deile le glan-aistrithe chuig Cúlchistí de €6,923,751. Dá bharr, sé €5,155,764 an t-iarmhéid dochair atá an gCuntas Ioncaim ag an 31 Nollaig 2020, i gcomparáid le hiarmhéid de €5,790,293 ar an 31 Nollaig 2019.

Taispeánann an Cuntas Caipitil, atá san áireamh in Aipindic 5 agus 6, iarmhéid sochair de €132,842 ag deireadh na bliana.

Tugann an Clár Comhardaithe, a thaispeánann conas mar a sheasaimid ó thaobh airgeadais de ar 31 Nollaig 2020, sonraí des na suimeanna atá ag dul don gComhairle nó atá dlíte, chomh maith le sonraí ár gcuid sócmhainní.



# Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

## Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh & an Chinn Airgeadais don bhliain dar críoch

31 Nollaig 2020

- 1.1 Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais, freagrach as ráiteas bliantúil airgeadais a ullmhú de réir an chóid chleachtais cuntasaoíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an údarais áitiúil agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údarais áitiúil a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Seo na rudaí a rinneamar agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú:
  - luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Chleachtais Cuntasaoíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasaoíochta i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach; agus,
  - rinneamar breithiúnais agus meastacháin a bhí réasúnta agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, de réir mar atá leagtha amach ar leathanaigh 2 go dt 21, ar aon dul leis na leabhair chuntas agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na riachtanais chuntasaoíochta mar a threoraigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Príomhfheidhmeannach

Ceann Airgeadais

*Michael Walsh*

*Bernard Pollard*

Dáta 16 Aibrean 2020

Dáta 16 Aibrean 2020



## **Tuairim Iniúchta Neamhspleách**

Tá Tuairim an Iniúcháir Neamhspleách ar fáil sa leagan Béarla den Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2020, sa teanga inar scríobhadh é.



# RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Cuntasaíochta (ACoP) maidir le cuntasaíocht údarás áitiúil arna athbheithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) amhail an 31 Nollaig 2020. Ní mór neamh-chomhlíonadh beartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach in ACoP a lua sna Beartais agus sna Nótaí do na Cuntais.

## 2. Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí (Cistí Ráiteas Faoi Shreabhadh )

Tugadh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán 7 de chuid Cuntasaíocht Idirnáisiúnta maidir le Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá gnó na n-údarás áitiúil an-éagsúil le gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, aontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeidh na sonraí atá ar taispeáint fóinteach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Ar an ábhar sin tá an ráiteas á dá dtagraítear mar 'Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí'. Áirítear ar na cuntais airgeadais anois Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí thaispeántar tar éis an Ráiteas Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17-22 le Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí agus léirítear iad sna Nótaí ar an agus mar chuid de rannóg Cuntais an AFS. Tugann Nóta 19 sonraí ar iarmhéideanna Tionscadail/Neamh Thionscadail/Tionscadail Inacmhainne/Deonacha, gur féidir a bheith ina dochair nó iarmhéid sochair. Glacann an sreabhadh cistí go bhfuil na hiarmhéideanna dochair agus bunanna an (Méadú) / Laghdú cur síos ar seo.

## 3. Fabhrúithe

Ullmhaíodh na cuntais airgid agus caipitil ar bhonn fabhrúithe de réir an Chóid Cleachtais.

## 4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá le hóc a chur i dhá chatagóir ar leith:

- Iasachtaí lena mbaineann morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo

### 4.1 Iasachtaí lena mbaineann Morgáiste

Tá sruth ioncain chomhfhreagartha ag iasachtaí lena mbaineann morgáiste ó réamhíocaíochtaí fadtréimhseacha (.i. airgead tugtha ar iasacht ag an údarás áitiúil d'iasachtaithe), d'fhonn tithe a cheannach. Níl ach an ghné úis a ghearrtar nó chun sochair an Ráitis Ioncain Cuimsitheach (Ráiteas Ioncain agus Caiteachais).

### 4.2 Iasachtaí nach mbaineann Morgáiste leo

Leagann Nóta 7 leis na cuntais amach na cineálacha iasachta faoin gceannteideal sin. Ní bheidh sruth ioncain comhfhreagrach ann i gcás iasachtaí maidir le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncain. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan de réir a chéile. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí maidir leis na cinnteidil eile i Nóta 3.

## 5. Pinsin

## **5. Pinsin**

Gearrtar focaíochtaí maidir le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Áirítear ar chostas na dtuarastal agus na bpánna sna cuntais asbhaintí i dtaca le sochair ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Windows agus Orphans) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann na húdaráis áitiúla le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach déantar iad a sheoladh chuig an DPER.

## **6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile**

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údaráis áitiúla eile a aisghabháil ar chostas nó i ndáil le socruithe ar leith.

## **7. Foráil do Dhrochfhiacha & Fiacha Amhrasacha**

Rinneadh/Ní dhearnadh foráil sna cuntais chuí do dhrochfhiacha & fiacha amhrasacha.

## **8. Sócmhainní Seasta**

### **8.1 Catagóirí Sócmhainní**

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas um Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá briseadh síos breise de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 leis na cuntais.

### **8.2 Aitheantas**

Déantar caiteachas ar cheannach nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitiliú ar bhonn fabhrúithe.

### **8.3 Tomhas**

Ráiteas Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ann a bhfuil na sócmhainní an údaráis áitiúil san áireamh den chéad uair sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an DHPLG. Áiríodh na sócmhainní uile a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 ag an gcostas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais ag dáta sa todhchaí.

### **8.4 Athluacháil**

Faoi mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Chuntasaíochta, tá sé de bheartas sócmhainní seasta a thaispeáint ag costas. Níl costais chothabhála agus a fheabhsú a bhaineann le sócmhainní bonneagair san áireamh faoi láthair i sócmhainní seasta, ach déanfar athbhreithniú ag dáta sa todhchaí. Mar gheall ar a staid fhisiceach, tá formhór mór na sócmhainní ar leith d'údaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Tugtar cuntas ag tráth na diúscartha ar aon chaillteanas nó ghnóthachan a bhaineann le qlanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha.

### **8.5 Diúscairte**

I ndáil le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam le cúlchiste ar leith agus go ginearálta úsáidtear é le sócmhainní nua a cheannach. Beidh fáiltas as díol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm faoi mar a threoróidh an RTRÁO.



## 8.6 Dímheas

Faoin modh cuntasíochta reatha is é an muirear dímheasa a fhritháireamh ag an amúchadh ar fhoinsé maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ar loncaim agus Caiteachais dá bharr sin an muirear dímheasa an modh seo agus tá airgead comhfhreagrach ó amúchadh as an áireamh ón Ráiteas loncaim Cuimsitheach (Ráiteas loncaim agus Caiteachais).

Seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá subject to do dhímheas:

Cineál Sócmhainne	Boinn	Dímheas (%) P.A
Gléasra & Meaisínre		
- Saol Fada	S/G	10%
- Saol Gearr	S/G	20%
Trealamh	S/G	20%
Troscán	S/G	20%
Sócmhainní Oidhreachta		Neamhní
Leabhair ón Leabharlann		Neamhní
Spraoi-pháirceanna	S/G	20%
Páirceanna	S/G	2%
Líonta Talún (* Féach nóta)		
<b>Sócmhainní Uisce</b>		
- Scéimeanna uisce	S/G	Fadsaoil Sócmhainne sa bhreis ar 70 bliain
- Scéimeanna draenála	S/G	Fadsaoil Sócmhainne sa bhreis ar 50 bliain

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh siad bliain iomlán dímheasa sa bhliain ina gceannaítear iad.

**\*Áiríodh luach na suíomh líonta talún i nóta 1 faoi thalamh. Is ionann an dímheas agus ídiú na sócmhainne líonta talún.**

## 9. Deontais Rialtais

Deontais Rialtais Coinnítear cuntas ar bhonn fabhráithe. Déantar deontais a oibríochtaí ó lá go lá chun sochair an Ráitis loncaim Cuimsitheach (Ráiteas loncaim agus Caiteachais). Léirítear deontais a fhaightear, a bhaineann le tógáil sócmhainní, mar chuid den ioncam a bhaineann le hObair atá ar siúl. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilíthe.

## 10. Feichiúnaithe Forbartha agus a n-Ioncam

Áirítear féichiúnaithe um thobhach forbartha gearrthearmaí i nóta 5. Tá ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc laistigh den bhliain reatha curtha siar agus níl siad léirithe astu féin sna ráitis airgeadais.

## 11. Fuascailt Fiach

Cuirtear na fáltais ó luathfhuascailt iasachtaí ó iasachtaithe i bhfeidhm ar luathfhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón nGníomhaireacht um Airgeadais Tithíochta agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

## 12. Scéimeanna Léasa

Déantar íocaíochtaí ciosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais sna sócmhainní seasta. Taispeántar an méid dlite ar iarmhéideanna neamhíoctha faoi dhlíteanas reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

## 13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn méanchostais.

## 14. Obair atá ar siúl & Réamhchaiteachas

Is costas stairiúil charntha ar thionscadail éagsúla a bhaineann le caipitil atá san obair atá ar siúl agus réamhchaiteachas. Is é an t-ioncam fabhraithe maidir leis na tionscadail seo sa Ráiteas Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam WIP'.

## 15. Ús i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá an t-ús de Waterford City & County Councili gcuideachtaí atá liostaithe in Aguisín 8.

## 16. Páirtithe Gaolmhara

Aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar is ea idirbheart páirtí. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhpháirtithe gaolmhara d'údarás áitiúil:

- i. An Lucht Bainistíochta agus an Pearsanra
- ii. Baill na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá baill chomhairle agus príomhphearsanra na nÚdarás Áitiúil faoi cheangal le hailt ábhartha den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus reachtaíocht a leasaíodh ina dhiaidh sin chun:

- a. dearbhú bliantúil um "leasanna is gá a fhógairt" a chur ar fáil arna leagan amach in alt 175 den Acht;
- b. leasanna tairbhiúla ar bith atá acu nó ag duine ar bith a bhaineann leo a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cloí le cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 in 2004.

Cumhdaítear faoi "Leasanna is gá a fhógairt" leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile amhail talamh etc.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chinneann tuarastail agus luachanna saothair do lucht bainistíochta agus do phearsanra na n-údarás áitiúil ar aon dul le beartas rialtais lárnaigh maidir le rátaí pá.

Tá leasanna na nÚdarás Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair léirithe in Aguisín 8 a ghabhann leis na

## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAIS AR IONCAM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

Tugann an Ráiteas Cuntas Ioncam agus Caiteachais le chéile gach ioncam agus caiteachas a bhaineann. Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Aistrithe ó chuig cúlchistí thaispeáint ar leithligh agus ní leithdháil roinn seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe trí rannóg seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad an Údarás Áitiúil arna nglacadh.

### Caiteachas de réir Rannáin

Nótaí	Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
	2020 €	2020 €	2020 €	2019 €
Tithíocht & Tógáil	28,620,088	32,285,509	(3,665,420)	(1,208,858)
Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair	45,012,840	31,962,146	13,050,695	11,345,326
Seirbhísí Uisce	10,480,547	10,260,854	219,693	222,196
Bainistíocht Forbartha	32,831,690	24,458,086	8,373,604	6,794,442
Seirbhísí Comhshaoil	18,134,081	3,052,785	15,081,295	15,001,226
Áineas & Taitneamhacht	13,031,429	1,689,883	11,341,546	11,978,884
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,090,486	609,011	481,475	471,003
Seirbhísí Ilghnéitheacha	24,353,708	24,280,096	73,612	(161,183)
<b>Ioncam/Caiteachas Iomlán</b>	<b>173,554,869</b>	<b>128,598,369</b>		
<b>Glanchostas na Rannán a mhaoineofar as Rátaí &amp; Cáin Mhaoine Áitiúil</b>			<b>44,956,499</b>	<b>44,443,037</b>
Rátaí			33,602,216	31,014,258
Cáin Mhaoine Áitiúil			18,912,564	18,912,115
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe</b>			<b>7,558,281</b>	<b>5,483,336</b>
<b>Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí</b>			<b>(6,923,751)</b>	<b>(4,591,490)</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain</b>			<b>634,529</b>	<b>891,847</b>
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2020</b>			<b>(5,790,293)</b>	<b>(6,682,140)</b>
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2020</b>			<b>(5,155,764)</b>	<b>(5,790,293)</b>



## RÁITEAS AR SHEASAMH AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AG 31 NOLLAIG 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Feidhmiúil		844,558,081	823,645,682
Infrastruchtúrach		1,347,364,644	1,347,447,133
Pobal		32,959,575	33,422,626
Neamhfheidhmiúil		28,365,785	28,379,145
		<b>2,253,248,085</b>	<b>2,232,894,586</b>
<b>Obair atá ar siúl agus Réamhchostais</b>	2	39,309,894	30,606,565
<b>Féichiúnaithe Fádtréimhseacha</b>	3	65,983,765	68,652,079
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	4	380,131	395,956
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	28,586,683	33,915,322
Infheistíochtaí Bainc		17,625,000	16,624,677
Airgead sa Bhanc		499,556	624,869
Airgead Tirim faoi Bhealach		89,250	82,100
		<b>47,180,619</b>	<b>51,642,923</b>
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Rótharraingt Bhainc		-	-
Féichiúnaithe & Fabhrúithe	6	44,883,810	50,375,391
Léasanna Airgeadais		-	-
		<b>44,883,810</b>	<b>50,375,391</b>
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)</b>		<b>2,296,810</b>	<b>1,267,532</b>
<b>Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)</b>			
Íasachtaí le hIóc	7	104,152,507	110,487,773
Léasanna Airgeadais		-	-
TaiscÍ Inaisíochta	8	3,654,519	3,503,979
Eile		7,664,104	6,513,820
		<b>115,471,129</b>	<b>120,505,571</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>2,245,367,425</b>	<b>2,212,915,191</b>
<b>Léirithe aq</b>			
Cuntas Caipitlithe	9	2,253,248,085	2,232,894,586
Ioncam d'obair atá ar siúl	2	30,290,176	23,027,439
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		(5,155,764)	(5,790,293)
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna eile	10	(33,015,073)	(37,216,540)
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>2,245,367,424</b>	<b>2,212,915,191</b>



**RÁITEAS FAOI SHREABHADH CISTÍ (CISTÍ RÁITEAS FAOI SHREABHADH)  
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020**

	Nóta	2020 €	2020 €
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM</b>			
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17		487,413
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL</b>			
<b>Torthaí ar Infheistíocht &amp; Fónadh ar Airgeadas</b>			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		20,353,499	
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú WIP/Réamh-mhaoiniú		7,262,737	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchiste	18	<u>5,772,727</u>	
Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh Glan) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Fónadh ar Airgeadas			33,388,963
<b>Caiteachas Caipitil &amp; Infheistíocht Airgeadais</b>			
(Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Seasta		(20,353,499)	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú WIP/Réamh-mhaoiniú		(8,703,328)	
(Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	<u>(4,332,755)</u>	
Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh Glan) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais			(33,389,583)
<b>Maoiniú</b>			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iasachta	20	(2,516,668)	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú Cúlchiste	21	<u>2,761,495</u>	
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			244,827
<b>Gabháltas Tríú Páirtí</b>			
Méadú/(Laghdú) i dTaiscí Inaisíochta			150,540
Méadú Glan/(Laghdú Glan) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	22		<u><u>882,160</u></u>





## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 1. Sócmhainní Seasta

Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra & Meaisínre (Saoi Fada & Saoi Gearr)	Ríomhairí, Troscán & Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Gréasán Uisce & Séarachais	Iomlán
€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
41,262,484	25,511,229	667,370,632	148,514,909	23,104,103	5,749,034	7,236,352	1,340,552,639	4,124,430	2,263,425,612
<b>Rudaí Breise</b>									
-	15,236	8,405,873	3,992,119	1,030,316	111,851	-	-	-	13,555,394
-	-	10,180,308	-	-	-	-	-	-	10,180,308
-	-	(1,920,716)	-	(340,595)	-	-	-	-	(2,261,311)
-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>41,262,484</b>	<b>25,526,465</b>	<b>684,036,096</b>	<b>152,507,028</b>	<b>23,793,824</b>	<b>5,860,885</b>	<b>7,236,352</b>	<b>1,340,552,639</b>	<b>4,124,430</b>	<b>2,284,900,203</b>
<b>Dímheas</b>									
-	3,543,500	-	210,353	20,819,310	5,133,127	-	-	824,936	30,531,226
-	504,836	-	-	644,151	230,010	-	-	82,489	1,461,486
-	-	-	-	(340,595)	-	-	-	-	(340,595)
<b>-</b>	<b>4,048,337</b>	<b>-</b>	<b>210,353</b>	<b>21,122,866</b>	<b>5,363,137</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>907,425</b>	<b>31,652,118</b>
<b>Glanluach Leabhair @ 31/12/2020</b>									
<b>41,262,484</b>	<b>21,478,128</b>	<b>684,036,096</b>	<b>152,296,674</b>	<b>2,670,958</b>	<b>497,748</b>	<b>7,236,352</b>	<b>1,340,552,639</b>	<b>3,217,005</b>	<b>2,253,248,085</b>
<b>Glanluach Leabhair @ 31/12/2019</b>									
41,262,484	21,967,728	667,370,632	148,304,556	2,284,793	615,907	7,236,352	1,340,552,639	3,299,494	2,232,894,586
<b>Glanluach Leabhair trí Chatagóir</b>									
10,096,917	128,405	684,036,096	147,208,119	2,590,795	497,748	-	-	-	844,558,081
3,595,000	-	-	-	-	-	-	1,340,552,639	3,217,005	1,347,364,644
50,000	21,349,723	-	4,375,000	-	-	7,184,852	-	-	32,959,575
27,520,566	-	-	713,555	80,163	-	51,500	-	-	28,365,785
<b>41,262,484</b>	<b>21,478,128</b>	<b>684,036,096</b>	<b>152,296,674</b>	<b>2,670,958</b>	<b>497,748</b>	<b>7,236,352</b>	<b>1,340,552,639</b>	<b>3,217,005</b>	<b>2,253,248,085</b>

## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 2. Obair atá ar siúl agus Réamhchostais

Seo a leanas achoimre ar an obair atá ar siúl faoi láthair agus réamhchaitheachas i gcatagóir sócmhainne:

	Maoinithe 2020 €	Neamh-mhacnaithe 2020 €	Iomlán 2020 €	Iomlán 2019 €
<b>Caitheachas</b>				
Obair atá ar siúl	15,301,721	23,622,286	38,924,007	30,230,132
Réamhchostais	381,822	4,065	385,887	376,434
	<b>15,683,543</b>	<b>23,626,351</b>	<b>39,309,894</b>	<b>30,606,565</b>
<b>Ioncam</b>				
Obair atá ar siúl	14,203,894	15,787,056	29,990,950	22,763,733
Réamhchostais	295,161	4,065	299,226	263,706
	<b>14,499,055</b>	<b>15,791,121</b>	<b>30,290,176</b>	<b>23,027,439</b>
<b>Ollchaitheachas</b>				
Obair atá ar siúl	1,087,827	7,835,230	8,933,057	7,466,399
Réamhchostais	86,661	-	86,661	112,727
	<b>1,184,488</b>	<b>7,835,230</b>	<b>9,019,718</b>	<b>7,579,127</b>

Glanchaitheachas Os cionn/(Faoi bhun)

### 3. Féichiúnaíthe Fadtréimhseacha

Seo a leanas miondealú ar na féichiúnaíthe fadtréimhseacha:

	larmhéid @ 1/1/2020 €	lasachtaí Arna n-Eisiúint €	Príomhshuíomh Aisíochta €	Luath Fhuascailtí €	Coigeartuithe Eile €	larmhéid @ 31/12/2020 €	larmhéid @ 31/12/2019 €
Réamhioclochtai Mórgháistí Fadtréimhseacha*	37,116,291	2,190,475	(1,745,824)	(1,232,591)	(130,488)	36,197,863	37,116,291
Réamhioclochtai Ceannacháin Tionónta	648	-	-	-	-	648	648
Cothromas ar Cíos faoi Chomhúinéireacht	5,815,101	(970,127)	-	(251,388)	186,640	4,780,227	5,815,101
	<b>42,932,040</b>	<b>1,220,348</b>	<b>(1,745,824)</b>	<b>(1,483,979)</b>	<b>56,152</b>	<b>40,978,738</b>	<b>42,932,040</b>
Airteacain lasachtaí is In-Aisghabhála						21,500,134	23,461,427
Ais Advance Craipitil Léasu						6,594,104	5,333,820
Infiheistíochtaí Fadtréimhseacha						-	-
Airgead Tirim						-	-
Leas i gcuideachtaí comhlachaithe						-	-
Eile						<b>28,094,238</b>	<b>28,795,247</b>
						<b>69,072,975</b>	<b>71,727,287</b>
						(3,089,210)	(3,075,208)
						<b>65,983,765</b>	<b>68,652,079</b>

Luide: Méideanna dilte laistigh de bhliain amháin (Notá 5)

Méideanna lomána dilte tar éis níos mó ná bliain amháin

\* lasachtaí na Gníomhachta um Airgeadas Tithíochta san áireamh

# NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

## 4. Stoic

Seo a leanas achoimre ar stoc:

	2020 €	2019 €
Stóras Lárnach	311,116	312,636
Ionaid Eile	69,015	83,320
<b>Iomlán</b>	<b>380,131</b>	<b>395,956</b>

## 5. Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí

Seo a leanas miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:

	2020 €	2019 €
Féichiúnaithe Rialtais	17,379,337	20,078,093
Féichiúnaithe Tráchtála	14,148,216	12,290,393
Féichiúnaithe Neamhtráchtála	7,071,691	6,777,822
Féichiúnaithe Tobhaigh Forbartha	1,734,314	1,483,617
Seirbhísí Eile	35,959	34,854
Údaráis Áitiúla Eile	292,146	171,807
Coimisinéirí Ioncaim	-	-
Eile	1,139,163	2,334,173
Móide: Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin (Notá 3)	3,089,210	3,075,208
<b>Olliomlán na bhFéichiúnaithe</b>	<b>44,890,035</b>	<b>46,245,967</b>
Lúide: Foráil d'Fhiacha Amhrasacha	(17,720,606)	(13,689,403)
<b>Iomlán na bhFéichiúnaithe Trádála</b>	<b>27,169,429</b>	<b>32,556,564</b>
Réamhíocaíochtaí	1,417,253	1,358,758
<b>Iomlán</b>	<b>28,586,683</b>	<b>33,915,322</b>

## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

Seo a leanas miondealú ar chreidiúnaithe agus ar fhabhruithe:

	2020 €	2019 €
Creidiúnaithe trádála	6,648,700	8,477,545
Deontais	154,465	2,030
Coimisinéirí Ioncaim	3,433,683	2,814,632
Údarás Áitiúla Eile	11,043	760
Creidiúnaithe Eile	210,639	354,475
	<b>10,458,531</b>	<b>11,649,443</b>
Fabhruithe	15,885,034	20,722,891
Ioncam Iarchurtha	11,661,427	7,510,319
Móide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 7)	6,878,818	10,492,738
	<b>44,883,810</b>	<b>50,375,391</b>

### 7. Iasachtaí Iníoctha

#### (a) Gluaiseacht in Iasachtaí Iníoctha

	HFA €	OPW €	Eile €	Iarmhéid @ 31/12/2020 €	Iarmhéid @ 31/12/2019 €
Iarmhéid @ 1/1/2020	116,225,964	241	4,754,306	120,980,511	129,881,356
Iasachtaí	1,353,800	-	-	1,353,800	4,687,039
Aisíocaíocht ar Phríomhshuim	(6,368,079)	(241)	(1,005,000)	(7,373,320)	(7,354,903)
Luath Fhuascailtí	(3,064,800)	-	(864,866)	(3,929,666)	(6,232,980)
Coigeartuithe Eile	-	-	-	-	-
Iarmhéid @ 31/12/2020	<b>108,146,885</b>	<b>-</b>	<b>2,884,440</b>	<b>111,031,325</b>	<b>120,980,511</b>
Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 6)				6,878,818	10,492,738
Méideanna lomlána a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				<b>104,152,507</b>	<b>110,487,773</b>

#### (b) Feidhmiú na nIasachtaí

Seo a leanas anailís ar iasachtaí iníoctha:

	HFA €	OPW €	Eile €	Iarmhéid @ 31/12/2020 €	Iarmhéid @ 31/12/2019 €
Iasachtaí morgháiste*	31,706,765	-	-	31,706,765	32,803,633
Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste					
Sócmhainní/Deontais	42,249,811	-	309,200	42,559,011	45,320,507
Maoiniú Ioncaim	7,099,735	-	-	7,099,735	7,402,544
Idir-Airgeadais	538,713	-	-	538,713	3,603,513
Inaisghabháilte	18,731,067	-	2,575,240	21,306,306	23,236,586
Comhúinéireacht – Cothromas ar Chíos	7,820,794	-	-	7,820,794	8,613,728
	<b>108,146,885</b>	<b>-</b>	<b>2,884,440</b>	<b>111,031,325</b>	<b>120,980,511</b>
Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 6)				6,878,818	10,492,738
Méideanna lomlána a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				<b>104,152,507</b>	<b>110,487,773</b>

\* Iasachtaí na Gníomhaireachta um Airgeadas Tithíochta san áireamh

## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 8. Taiscí Inaisíochtha

Seo a leanas cuntas ar ghluaiseacht na dtaiscí in-aisíochtha:

	2020 €	2019 €
larmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	3,503,979	2,985,182
Taiscí faighte	225,473	606,829
Taiscí aisíochtha	(74,933)	(88,032)
<b>larmhéid Deiridh an 31 Nollaig</b>	<b>3,654,519</b>	<b>3,503,979</b>

Nóta: Ar an gclár Comhardaithe, cuirtear Taiscí Gearrthréimhseacha In-aisíochtha san áireamh mar Infheistíochtaí Airgid Thirim

### 9. Cuntas Caipitlithe

Léiríonn an cuntas caipitlithe maoiniú na sócmhainní mar seo a leanas:

	larmhéid @ 1/1/2020 €	Ceannaithe €	Aistrithe WIP €	Díúscairtí Váistrithe Reachtúla €	Athluacháil €	Coigeartuithe Costais Stairiúla €	larmhéid @ 31/12/2020 €	larmhéid @ 31/12/2019 €
Deontais	382,181,837	9,170,215	10,180,308	(1,701,761)	-	-	399,830,598	382,181,837
Iasachtaí	51,862,977	-	-	-	-	-	51,862,977	51,862,977
Ioncam maoinithe	14,423,534	231,314	-	(157,078)	-	-	14,497,770	14,423,534
Léasanna	-	-	-	-	-	-	-	-
Tobhaigh Forbartha	8,951,227	-	-	-	-	-	8,951,227	8,951,227
Bilanachtaí Ceannacháin Tionónta	579,799	-	-	-	-	-	579,799	579,799
Nearmh-mhaoinithe	1,126,927	-	-	-	-	-	1,126,927	1,126,927
Stairiúil	1,718,890,246	-	-	(1,556,026)	-	-	1,717,334,221	1,718,890,246
Eile	85,409,265	4,153,866	-	1,153,553	-	-	90,716,684	85,409,265
<b>Glaníomlán maoinithe</b>	<b>2,263,425,812</b>	<b>13,555,394</b>	<b>10,180,308</b>	<b>(2,261,311)</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>2,284,900,203</b>	<b>2,263,425,812</b>
Lúide: Amúchta							(31,652,118)	(30,531,226)
<b>lomlán *</b>							<b>2,253,248,085</b>	<b>2,232,894,586</b>

\* Ní mór dó aontú le nóta 1

## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 10. Iarmhéideanna Eile

Seo a leanas miondealú ar na hIarmhéideanna eile:

	Iarmhéid @ 1/1/2020 €	Caipiteal re-aimticiúlán* €	Caiteachas €	Ioncam €	Glanaisrithe €	Iarmhéid @ 31/12/2020 €	Iarmhéid @ 31/12/2019 €
(i) Iarmhéideanna Tobhach Forbartha	1,917,232	-	-	2,451,523	(911,114)	3,457,641	1,917,232
(ii) Iarmhéideanna cuntais chaipitil lena n-áirítear cruthú agus feabhsú sócmhainní	(3,388,681)	(139,302)	31,331,032	24,815,038	2,322,541	(7,721,436)	(3,388,681)
(iii) Iarmhéideanna Tithíochta Deonai & Inacmhainne - Tithíocht Dheonach - Tithíocht Inacmhainne	-	-	-	-	-	-	-
(iv) Cúlchistí a cruthaíodh le haghaidh cuspóirí ar leith	9,184,037	-	1,181,904	2,913,504	2,500,718	13,416,355	9,184,037
<b>A. Gian-Iarmhéideanna Caipitil</b>	<b>7,712,588</b>	<b>(139,302)</b>	<b>32,512,937</b>	<b>30,180,065</b>	<b>3,912,145</b>	<b>9,152,560</b>	<b>7,712,588</b>
(v) Cuntais Chiar Comhairleithe maidir le bunairgead neamhíochta na hiasachta (lena n-áirítear Bliantachtaí TP Neamhréadaithe)						(42,167,633)	(44,929,128)
(vi) Leas i gCuideachtaí Comhlachaithe						-	-
<b>B. Iarmhéideanna Neamhchaipitil</b>						<b>(42,167,633)</b>	<b>(44,929,128)</b>
<b>Iomlán Iarmhéideanna Eile</b>						<b>(33,015,073)</b>	<b>(37,216,540)</b>

(i) Is ionann seo agus Iarmhéid carnach na dtobhach forbartha, i.e. ioncam lúide caiteachas agus aistrithe go dáta.

(ii) Is ionann seo agus an suíomh carnach ar Jabanna caipitil maoinithe agus neamh-mhaoinithe ina bhfuil Iarmhéideanna ionscadail (sócmhainní críochnaithe) agus Iarmhéideanna neamhthionscadail (feabhsú sócmhainní). Beidh foinsí maoinithe de dhíth chun Iarmhéideanna dochair a imríteach.

(iii) Is ionann seo agus an suíomh carnach ar thionscadail tithíochta deonacha agus inacmhainne.

(iv) Bainneann sé le cúlchistí agus réamh-mhaoiniú maidir le sócmhainní údarás áitiúil, difiteanais árachais, cuspóirí eile agus áirítear air bliantachtaí réadaithe ceannaigh tionónta.

(v) Iarmhéideanna maidir le hiasachtaí lena n-áirítear bunairgead neamhíochta ar léasaí agus ar iasachtaí neamh-mhorgáiste nár maoiníodh fós. bearna stáitíúil i maoiniú morgáistí, bunairgead neamhréadaithe ar bhliantachtaí ceannaigh tionónta atá le haisiú sa todhchaí agus cothromas ar cíos i gcás úinéireacht chomhroimnte.

(vi) Is ionann seo agus leas an údarás áitiúil i gcuideachtaí comhlachaithe.

## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 11. Anailís ar Chuntas Caipitiúil

Tá an cuntas caipitiúil dí-chomhiomlánaithe agus tá na cuntais seo a leanas le fáil sa chláir comhardaithe:

	2020 €	2019 €
Glanmhéid d'obair atá ar siúl & Réamhchostais (Nóta 2)	(9,019,718)	(7,579,127)
Glaníarmhéideanna chaipitiúla (Nóta 10)	9,152,560	7,712,588
<b>Barrachas/(Easnamh) san Iarmhéid Caipitiúil @ 31 Nollaig</b>	<b>132,842</b>	<b>133,462</b>

Seo a leanas achoimre ar na hathruithe sa chuntas Caipitiúil (Féach Aguisin 6):

	2020 €	2019 €
